

Nótaí an Mhúinteora:

Mascanna agus samhlacha cré a dhéanamh

Gemma Mc Girr

Ábhair Riachtanacha: *Terracotta nó cré nádúrtha*
Clár adhmaid amháin nó píosa amháin cairtchláir an duine
Uirlisí cré, cipíní líreacáin
Ábhair fhaighte chun uigeachtaí a chruthú
Criathar plúir nó scagaire tae (is féidir gruaig iontach a dhéanamh leo)
Páipéar cistine nó nuachtáin
Buicéad plaisteach amháin le clúdach dlúth (chun an chré a stóráil)
Scannán cumhdaithe

Nuair a bhíonn neart cleachtadh ag na leanaí ar obair le cré, ag priocadh, ag sá, ag tarraingt, ag fáisceadh, ag cur píosa léi agus á mbaint di, beidh an-taithí acu ar iompar chré. Beidh a lán cleachtadh ag teastáil uathu mar gurb é sin a thabharfaidh an toradh is sásúla dóibh.

Spreag na leanaí chun amharc ar shamplaí de mhascanna agus chun caint faoin úsáid a bhaintear astu. An earraí deasghnácha iad? An bhfuil siad scanrúil? An bhfuil siad maisiúil? An n-úsáidimid mascanna sa lá atá inniu ann? Sa Veinéis chaith daoine mascanna go laethúil chun máchailí a chur i bhfolach. Bíonn siad an-mhaisiúil anois agus caitear iad ag am Carnabhail.

Féadfaidh na leanaí an cineál masc is mian leo a dhéanamh a phiocadh nuair atá na samplaí feicthe acu.

Fáisc páipéar cistine nó nuachtáin le chéile mar mhúnla. Rothlaigh leac cré amach agus cuir thar an bpáipéar é. Socróidh na leanaí anois cad iad na gnéithe is mian leo a thabhairt don masc. Trí pháosa beag cré a bhrú tríd an criathar is féidir gruaig iontach a dhéanamh. Is féidir píosaí a chur leis an leac nó a bhaint de chun gnéithe a chruthú. Is féidir uigeacht a thabhairt don leac le hearraí fhaighte. Nuair atá gnéithe á gcur leis déan cinnte go mbíonn siad greamaithe i gceart nó titfidh siad as nuair a thriomóidh an chré. Is féidir na mascanna a phéinteáil freisin nuair a thriomaíonn siad chun sonraí a chur leo.

Nuair a bhíonn ainmhithe agus figiúirí téagartha á múnla, foghlaimeoidh na leanaí a lán faoi dháileadh meáchain. Is fusa dóibh cruthanna a tharraingt as an gcré ná iad a chur léi. Beidh neart cleachtadh de dhíth orthu chun nithe a ghreamú nó titfidh píosaí as arís nuair a thriomóidh an chré. Féadfaidh siad carachtair as scéalta, créatúirí fantasaíochta nó a bpeataí féin a dhéanamh. Spreagfaidh sé seo iad chun breathnú go géar ar ainmhithe chun a gcruth, a ngnéithe agus a ngluaiseachtaí a fheiceáil.

Chun cloigne a mhúnla, spreag na leanaí chun a gcloigne féin agus cloigne a gcairde a bhrath. Cá bhfuil an pháirt is mó den chloigeann? Cá bhfuil na gnéithe i ngaol le chéile? Malaí/barr na cluaise, béal/maothán na cluaise. Cá dtosaíonn an tsrón? Mothaigh cruth na smige. Baineadh siad úsáid as scátháin chun amharc go géar orthu féin, agus ar a bpróifíl. Féachaidís ar a gcuid gruaige, cé chomh fada is a thagann sí anuas ar a mbaithe, cé chomh fada síos le cúl an mhuiníl a thagann sí?

Coinnigh na múnlaí clúdaithe le scannán cumhdaithe ó sheisiún go seisiún ionas nach dtriomóidh siad, nó clúdaigh le héadaigh fhliucha iad.